Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2024
(OR. en)

13895/24

LIMITE

FISC 182
ECOFIN 1069
ONU 106

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cur chun cinn an chomhair idirnáisiúnta maidir le cúrsaí cánach: Seasamh an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát don 79ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe |

**Cur chun cinn an chomhair idirnáisiúnta maidir le cúrsaí cánach:**

**Seasamh an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát don 79ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe**

1. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit go bhfuil siad tiomanta do na cuspóirí a bhaineann le comhar idirnáisiúnta cánach atá cuimsitheach, éifeachtach agus cothrom agus dearbhaíonn siad a dtiomantas próiseas cuimsitheach, éifeachtúil agus éifeachtach a éascú ar leibhéal na Náisiún Aontaithe. Is é an aidhm uileghabhálach atá againn cobhsaíocht, cinnteacht agus comhleanúnachas an ollstruchtúir cánach idirnáisiúnta a chur chun cinn.

2. Is oth linn nach léirítear sna Téarmaí Tagartha na mórábhair imní atá againn a bhaineann leis an ngá atá leis an méid seo a leanas:

- cinnteoireacht atá bunaithe ar chomhthoil chun cuimsitheacht agus éifeachtacht Creat-Choinbhinsiúin agus na bprótacal a ghabhann leis a áirithiú,
- gealltanais ardleibhéil a bheith ann i gcónaí i dtaobh na ngealltanas atá sa Choinbhinsiún,
- tuilleadh anailíse agus machnaimh a dhéanamh ar ghnéithe tábhachtacha a d’fhéadfadh a bheith ann de luath-phrótacail agus de phrótacail a bheidh ann amach anseo,
- cearta agus coimircí na gcáiníocóirí a chur san áireamh.

3. Lena chois sin, sna Téarmaí Tagartha ní léirítear go leordhóthanach an prionsabal go bhfuil obair an Choiste comhlántach leis an obair atá á déanamh cheana agus leis an obair leanúnach atá á déanamh i bhfóraim eile ar chomhar idirnáisiúnta cánach. Tá an méid sin fíor-riachtanach chun rannpháirtíocht agus cumhdach leathan an Chreat-Choinbhinsiúin agus na bprótacal a ghabhann leis a áirithiú agus chun go bhfeidhmeoidh siad ar bhonn éifeachtach inbhuanaithe le himeacht ama.

4. Creidimid nach mór don phróiseas a thionscnaítear le Rún 78/230 an trédhearcacht agus an chomhthuiscint is gá a bhaint amach le go mbeidh caibidlíocht thrédhearcach éifeachtach ann chun teacht ar chomhthoil agus chun a áirithiú go gcuirfear an Creat-Chomhaontú chun feidhme ar an mbealach is leithne is féidir.

5. Agus é mar chuspóir toradh a nglactar leis go huilíoch a bhaint amach, éifeachtacht a chur chun cinn agus cobhsaíocht an ollstruchtúir cánach idirnáisiúnta a chosaint, tacaímid go láidir le próiseas cinnteoireachta comhthoilbhunaithe i ndáil le téacs an Chreat-Choinbhinsiúin amach anseo agus na bprótacal a ghabhann leis a chaibidil agus a ghlacadh.

6. Athdhearbhaímid na tuairimí a chuir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit in iúl sa Choiste *Ad Hoc*[1] maidir leis na Téarmaí Tagartha, agus leagaimid béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht chuiditheach gach Ballstáit de chuid na Náisiún Aontaithe i bhforbairt an Chreat-Chomhaontaithe agus na bprótacal a ghabhann leis.

7. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh téarmaí tagartha soiléire ag an gCoiste Caibidlíochta Idir-Rialtasach ina leagtar amach na nósanna imeachta trédhearcacha cuimsitheacha atá le leanúint. Tá sé tábhachtach don Aontas agus dá Bhallstáit go gceanglóidh an Comhthionól Ginearálta, sa rún atá le teacht uaidh, ar an gCoiste rialacha cinnteoireachta atá bunaithe ar chomhthoil a chur i bhfeidhm. I gcás ar bith, ba cheart don Choiste breithniú a dhéanamh ar rialacha agus forálacha cinnteoireachta atá bunaithe ar chomhthoil a ghlacadh maidir le módúlachtaí oibre, iompar gnó, agus toghadh oifigeach, mura n-áirítear iad sa Rún atá le teacht.

8. Ní mór tuilleadh a dhéanamh chun cothromaíocht chóir a áirithiú idir leasanna na bpáirtithe uile ionas go mbeidh rath ar an gCreat-Chomhaontú agus ar na prótacail a ghabhann leis, agus go mbeidh an rannpháirtíocht, an cumhdach agus an cur chun feidhme is leithne is féidir ann ar an leibhéal domhanda.

---

[1] Staon Ballstáit an Aontais ón vótáil ar na dréacht-Téarmaí Tagartha ag an gCoiste *Ad Hoc* an 16 Lúnasa 2024.



PUBLIC